2026/1481

3.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1481 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Iúil 2026

lena n-ainmnítear saoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh teicstílí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún ([2]) go bhfuil saoráidí tástála poiblí de chuid na mBallstát le hainmniú mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais tar éis glao ar léiriú spéise.

(2) Sheol an Coimisiún an glao ar léiriú spéise Uimh. CFEI/GRO/IMA/2025-2026 le haghaidh dhá chatagóir: innealra agus teicstílí.

(3) Rinne AS Phríomhshaotharlann Cheimiceach an Stáit, ar seirbhís í laistigh d'Údarás Neamhspleách na Gréige um Ioncam Poiblí, iarratas i gcomhthéacs an ghlao ar léiriú spéise Uimh. CFEI/GRO/IMA/2025-2026 lena roghnú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh teicstílí.

(4) Rinneadh meastóireacht de bhun na rialacha is infheidhme agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa ghlao ar léiriú spéise.

(5) Ar bhonn thorthaí na meastóireachta, ba cheart Príomhshaotharlann Cheimiceach an Stáit a ainmniú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh teicstílí.

(6) De bhun Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2019/1020, déanfaidh saoráidí ainmnithe tástála de chuid an Aontais a seirbhísí a sholáthar d'údaráis um fhaireachas margaidh, do Líonra an Aontais um Chomhlíontacht Táirgí, don Choimisiún agus d'eintitis rialtais nó idir-rialtais eile, agus dóibh siúd amháin. Déanfaidh saoráidí tástála de chuid an Aontais, laistigh dá réimse inniúlachta, na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 21(6) den Rialachán sin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267, déanfar ainmniú saoráide tástála de chuid an Aontais a athbhreithniú go tráthrialta agus leagfar amach an teorainn ama don athbhreithniú sin sa chinneadh chun an tsaoráid tástála a ainmniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Saoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh chatagóir na dteicstílí

Leis seo, ainmnítear an tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí, Ard-Stiúrthóireacht Phríomhshaotharlann Cheimiceach an Stáit, 16 Anastasiou Tsocha, 115 21, an Aithin, an Ghréig, mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh teicstílí.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2022 lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú chun críocha faireachais margaidh agus fíoraithe ar chomhlíonadh táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 192, 21.7.2022, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1267/oj).

Airteagal 2

Athbhreithniú ar an ainmniú

Déanfar an t-ainmniú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 faoin 23 Iúil 2031, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN